An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Ceisteanna coitianta maidir le tabhairt isteach na *Nuatheangacha Iasachta i gCuraclam Teanga na Bunscoile (CTB)*

Forbraíodh an tsraith ceisteanna agus freagraí seo faoi thodhchaí na Nuatheangacha Iasachta i gCuraclam na Bunscoile athfhorbartha. Déanfar nuashonrú agus athbhreithniú rialta ar na Ceisteanna Coitianta de réir mar a thiocfaidh tuilleadh ceisteanna isteach.

**Cén fáth a bhfuil na Nuatheangacha Iasachta á gcur leis an gCuraclam Bunscoile athfhorbartha?**

Cuireadh na Nuatheangacha Iasachta le Curaclam na Bunscoile mar gheall ar *Déanann Teangacha Nasc, Straitéis na hÉireann Do Theangacha Iasachta san Oideachas 2017-2026 .* Mhínigh an straitéis seo gur cheart machnamh a dhéanamh ar theangacha iasachta a chuimsiú ag leibhéal bunscoile.

Choimisiúnaigh CNCM páipéar taighde cúlra a iniúchann cuimsiú na Nuatheangacha Iasachta i dtimpeallachtaí bunscoile i ndlínsí eile agus samplaí de chleachtas na Nuatheangacha Iasachta in Éirinn. *Páipéar taighde - Nuatheangacha Iasachta a chomhtháthú i gcuraclam bunscoile athfhorbartha / CNCM*

I ndiaidh thréimhse comhairliúcháin an CNCM maidir le *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* ó 2020-2022, cuireadh na Nuatheangacha Iasachta san áireamh i g*Creatchuraclam na Bunscoile* (An Roinn Oideachais, 2023). Tá torthaí an chomhairliúcháin seo le fáil sa *Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.*

**Céard a deir *Creatchuraclam na Bunscoile* faoi na Nuatheangacha Iasachta i gCuraclam na Bunscoile athfhorbartha?**

Deir an creat go gcuirfear na Nuatheangacha Iasachta leis an réimse teanga sa churaclam, taobh leis an mBéarla agus leis an nGaeilge, ó Rang a 3 ar aghaidh. Tacaíonn an creat *"le nuatheangacha iasachta a thabhairt isteach i gCéimeanna 3 agus 4, ag tógáil diaidh ar ndiaidh ar an eolas agus feasacht na teanga atá ag páistí cheana féin agus ag dul ar aghaidh ó shamhail feasachta teanga go samhail inniúlachta i gCéim 4"* (An Roinn Oideachais, 2023, lch. 17).

Is éard atá i gceist le Feasacht Teanga ná teanga a iniúchadh, éiríonn páistí níos feasaí i leith a gcuid eolas teanga féin dá bharr sin agus scrúdaíonn siad naisc le teangacha eile. Baineann comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir gach teanga ina stór agus ina dtimpeallacht leis an iniúchadh seo, feasacht níos doimhne a fhorbairt maidir leis an gcaoi a n-oibríonn teangacha agus a n-aird a tharraingt ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad teangacha. Leagtar amach sa chreat go gcuirfidh páistí lena gcuid eolais agus feasachta i leith teangacha eile i gCéim 3 (Rang a 3

agus a 4) agus go mbeidh siad ábalta an tríú teanga (T3) a labhairt agus a thuiscint de réir a chéile i gCéim 4 (Rang a 5 agus a 6).

**Cén chuma a bheidh ar theagasc agus ar fhoghlaim na Nuatheangacha Iasachta i gCéim 3 (Rang a 3 agus a 4)?**

- ***Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir***

Cuirfidh na Nuatheangacha Iasachta i gCéim 3 leis an bhfeasacht teanga atá fite fuaite leis na Torthaí Foghlama i g*Curaclam Teanga na Bunscoile (CTB)*. Déanfaidh an fhoghlaim ag an gcéim seo iniúchadh ar agus cuirfear leis an eolas atá ag na páistí cheana féin, an taithí atá acu ar theangacha chomh maith lena bhfeasacht ar theangacha, agus déanfar ceiliúradh ar an éagsúlacht teanga agus chultúir laistigh agus taobh amuigh den scoil.

Leagann an fócas ar an bhfeasacht teanga béim ar thábhacht an dearcaidh iomlánaíche i leith fhorbairt teanga na bpáistí lena n-áirítear an Béarla, an Ghaeilge, na Nuatheangacha Iasachta agus teangacha baile agus forbraítear an t-eolas ginearálta ar theangacha. Tá sé mar aidhm aige réamhfhoghlaim na dteangacha a neartú trí leas a bhaint as eolas intuigthe na bpáistí ar a gcuid teanga(cha) féin agus ar theangacha laistigh agus taobh amuigh den seomra ranga. Trí aird na bpáistí a tharraingt ar an méid atá ar eolas acu faoi theangacha cheana féin agus faoin bhfoghlaim teanga, éiríonn a gcuid eolais ar an teanga níos follasaí.

Leagann an CTB béim láidir ar fhorbairt na feasachta idirchultúrtha tríd an bhfoghlaim teanga, ina bhfoghlaimeoidh na páistí faoi chultúir atá difriúil óna gcultúr féin agus beidh meas acu orthu. Leis an gcur chuige seo:

- baintear leas as agus déantar iniúchadh ar an eolas atá ag na páistí cheana féin, an taithí atá acu ar theangacha agus an fheasacht atá acu orthu,
- déantar ceiliúradh ar an éagsúlacht teanga agus chultúrtha laistigh agus taobh amuigh den scoil.

**Cén chuma a bheidh ar theagasc agus ar fhoghlaim na Nuatheangacha Iasachta i gCéim 4 (Rang a 5 agus a Rang 6)?**

- *Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir*
- *Inniúlacht Chumarsáideach sa T3*

Coinneofar ag cur le feasacht na bpáistí ar theangacha agus ar chultúir sna Nuatheangacha Iasachta i gCéim 4. Beidh inniúlacht teanga sa T3 i gceist ann chomh maith. Leis an gcur chuige seo:

- Coinneoidh páistí orthu ag cur lena bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir agus beidh an T3 agus an cultúr/na cultúir a bhaineann leis an teanga sin san áireamh ag an bpointe sin.
- Foghlaimíonn na páistí le cumarsáid a dhéanamh sa tríú teanga (T3) ag bunleibhéal ar mhaithe le cumarsáid a dhéanamh.

**Cad iad na buntáistí a bhaineann le Nuatheanga Iasachta a fhoghlaim?**

Trí fheasacht teangacha agus chultúr a chruthú, agus T3 a fhoghlaim, déanfaidh páistí tuilleadh forbartha ar a gcuid scileanna mar fhoghlaimeoirí teanga agus a bhfeidhmiú cognaíoch. D'fhéadfaidís spreagadh a fháil chun teanga bhreise a fhoghlaim san iar-bhunscoil. Tá sé mar aidhm ag tabhairt isteach na Nuatheangacha Iasachta tuilleadh deiseanna a thabhairt do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta cultúr ionchuimsitheach a chur chun cinn a dhéanann ceiliúradh ar éagsúlacht teanga agus chultúrtha na ndaltaí, na foirne agus an phobail.

Trí T3 a fhoghlaim, cuirfear feabhas ar eolas agus ar scileanna atá faighte cheana féin ó fhoghlaim an Bhéarla agus na Gaeilge. Foghlaimeoidh na páistí cén chaoi le comparáid a dhéanamh agus codarsnacht a léiriú idir teangacha uile an tseomra ranga, na scoile agus an phobail, chun leasa a dteangacha uilig.

Léirigh na buntáistí a bhaineann leis an bhfoghlaim teanga go gcabhraítear leis an smaoineamh loighciúil, leis an réiteach fadhbanna agus leis an gcruthaitheacht, i measc nithe eile. Cuireann forbairt ar fheasacht teanga le feasacht ar chultúir. Trí theanga a scrúdú, tugtar deiseanna níos fearr do pháistí cultúir eile a iniúchadh agus taithí a fháil orthu agus tuiscint a fháil ar an éagsúlacht chultúrtha sa tsochaí agus a mbealach a dhéanamh tríthi.

**Cé a bheidh ag teagasc na Nuatheangacha Iasachta i gCéimeanna a 3 agus a 4?**

I gCéim a 3, coinneoidh an múinteoir air/uirthi ag forbairt na feasachta teanga agus na feasachta idirchultúrtha, trí theanga na scoile (an Béarla nó an Ghaeilge) agus trí leas a bhaint as teangacha uile an tseomra ranga agus na scoile.

Cuirfidh an Roinn Oideachais eolas níos sonraí ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Chéim 4 in am trátha.

**Cé mhéad ama a dháilfear d'fhoghlaim agus do theagasc na Nuatheangacha Iasachta i gCéimeanna a 3 agus a 4?**

Tugtar léargas i g*Creatchuraclam na Bunscoile* ar an leithdháileadh ama atá molta, is é sin uair an chloig in aghaidh na seachtaine d'fhoghlaim agus do theagasc na Nuatheangacha Iasachta i gCéimeanna a 3 agus a 4. Is féidir an t-am seo a chomhtháthú le réimse agus in ábhair eile an churaclaim i rith na seachtaine scoile go léir. Anois is arís, d'fhéadfadh bloc ama ar leith a bheith úsáideach chun díriú ar ghnéithe áirithe na foghlama.

| | | |
|---|---|---|
| Céim 3 | Nuatheangacha Iasachta:<br>▪ Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir | 1 uair a chloig/ seachtain |
| Céim 4 | Nuatheangacha Iasachta:<br>▪ Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir<br>▪ Inniúlacht Chumarsáideach sa **T3** | 1 uair a chloig/ seachtain |

I gCéim a 3, úsáidtear an t-am don ghné *Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir* chun an t-eolas atá ag na páistí cheana féin faoin mBéarla, faoin nGaeilge, agus faoi theangacha eile a neartú, chomh maith lena gcultúr féin agus cultúir eile a iniúchadh. Cuireann an fhoghlaim ag an gcéim seo leis na scileanna agus leis an mbunchloch atá ag teastáil ó na páistí chun an t-eolas atá acu faoi theangacha agus faoi chultúir cheana féin a mhúscailt agus a chur i bhfeidhm ar fhoghlaim teanga na T3 i gCéim a 4 (mar aon leis an mBéarla, leis an nGaeilge agus teangacha eile).

I gCéim a 4, roinntear an t-am a leithdháileadh do na Nuatheangacha Iasachta idir an ghné *Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir* agus an teanga nua a fhoghlaim - T3 na scoile.

**An raibh na Nuatheangacha Iasachta mar chuid de churaclam na bunscoile riamh roimhe seo?**

Tá scoth na taithí ag múinteoirí in Éirinn ar an oideolaíocht teanga, trína dteagmháil le agus trína dtaithí ar an mBéarla, ar an nGaeilge agus ar theangacha eile.

Seans gur ghlac roinnt scoileanna páirt sa *Mhodúl Cuir Fáilte roimh Theangacha*, a dhéanann éascaíocht ar go leor scoileanna na Nuatheangacha Iasachta a thabhairt isteach do thréimhse 8 seachtaine ó 2021 i leith.

Seans gur ghlac roinnt scoileanna páirt sa *Modern Languages in Primary Schools Initiative* (MLPSI) le linn na tréimhse ama 1998-2012.

Is é seo an chéad uair go mbeidh na Nuatheangacha Iasachta mar chuid oifigiúil de Churaclam na Bunscoile, in áit é a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach. As seo amach, beidh gach scoil ábalta leas a bhaint as na Nuatheangacha Iasachta a theagasc agus a fhoghlaim agus as tuilleadh iniúchadh a dhéanamh ar theanga agus ar chultúr.

**Céard í an amlíne do thabhairt isteach na Nuatheangacha Iasachta i gCuraclam na Bunscoile athfhorbartha?**

Beidh *Creatchuraclam na Bunscoile* in úsáid mar threoir le haghaidh fhorbairt na sonraíochtaí le haghaidh gach ceann de na cúig réimse curaclaim, lena n-áirítear Teanga. Bhunaigh CNCM Meithleacha Forbartha do gach réimse curaclaim agus beidh dréachtsonraíocht ar fáil le haghaidh comhairliúcháin phoiblí sa chéad leath de 2024. Samhlaíonn CNCM go gcuirfear forbairt sonraíochtaí na réimsí curaclaim go léir i gcrích i 2025. Leagfaidh an Roinn Oideachais amlíne amach d'obair na scoileanna ó thaobh an churaclaim athfhorbartha a chur i bhfeidhm. Tá tuilleadh eolais faoin Meitheal Forbartha Teanga ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://ncca.ie/en/about-ncca/boards-and-development-groups/primary-language-development-group/

**An bhfuil nuashonrú á dhéanamh ar Churaclam Teanga na Bunscoile (2019) chun na Nuatheangacha Iasachta a thabhairt isteach i gCéimeanna a 3 agus a 4?**

Tabharfar na Nuatheangacha Iasachta isteach i gCuraclam Teanga na Bunscoile (CTB).

Cuirfear Torthaí Foghlama nua a bhaineann go sonraíoch leis na Nuatheangacha Iasachta ag Céim a 3 (Ag cur le feasacht ar theangacha agus ar chultúir) agus ag Céim a 4 (Ag cur le feasacht ar theangacha agus ar chultúir, agus an inniúlacht chumarsáideach sa T3). Déanfar Caibidil 1 go Caibidil 6 den CTB a nuashonrú chun tabhairt isteach na Nuatheangacha Iasachta a léiriú.

**An mbeidh na Nuatheangacha Iasachta á dteagasc i Scoileanna Speisialta?**

Tá an curaclam athfhorbartha do pháistí sna bunscoileanna agus sna scoileanna speisialta go léir. Tacaíonn an curaclam le múinteoirí cinntí a dhéanamh bunaithe ar an ábhar, ar an dearadh, agus ar luas na taithí foghlama bunaithe ar an gcur amach atá acu ar na páistí agus a riachtanais ar leith, a spéiseanna agus a gcumas. Tabharfar na Nuatheangacha Iasachta isteach do Chéim 3 agus a 4 (Rang a 3 go Rang a 6) sa churaclam athfhorbartha.

**Cén chaoi a roghnóidh scoileanna an T3?**

Cuirfidh an Roinn Oideachais treoir ar fáil maidir leis seo.

**Cén réamhthaighde atá déanta ag CNCM ar thabhairt isteach na Nuatheangacha Iasachta i gCuraclam na Bunscoile?**

Áirítear an méid seo a leanas le réamhobair CNCM maidir leis na Nuatheangacha Iasachta a iniúchadh i gCuraclam na Bunscoile:

- *Primary Curriculum Review and Redevelopment Background paper - Integrating modern foreign languages in a redeveloped primary curriculum (2019)*
- *Modern Languages in the Primary School Curriculum: Feasibility and Futures (2008)*
- *Report on the feasibility of Modern Languages in the Primary School Curriculum (2005)*
- *Modern Languages in Primary Schools: Teacher Guidelines (2001)*
- *Pilot project on modern languages in the primary school: Draft Curriculum Guidelines (1999)*